2024/3137

16.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3137 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Nollaig 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal a bhunú agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an iompróra oibriúcháin, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, chuir Ballstáit áirithe agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') faisnéis in iúl don Choimisiún atá ábhartha maidir leis an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta. Sholáthair tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta faisnéis ábhartha freisin. Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh, ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Chuir an Coimisiún na haeriompróirí uile lena mbaineann ar an eolas, go díreach nó trí na húdaráis atá freagrach as a maoirseacht rialála, faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha a bheadh mar bhunús le cinneadh toirmeasc a chur ar a n-oibriú laistigh den Aontas nó na coinníollacha a mhodhnú maidir le toirmeasc ar oibriú arna fhorchur ar aeriompróir a chuirtear isteach sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinní A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(4) Thug an Coimisiún an deis do na haeriompróirí lena mbaineann an doiciméadacht ábhartha uile a cheadú, barúlacha i scríbhinn a chur isteach agus cur i láthair ó bhéal a dhéanamh os comhair an Choimisiúin agus Choiste Aersháblháilteachta an Aontais.

(5) Faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/660 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún Coiste Aersháblháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na comhairliúcháin leanúnacha le húdaráis inniúla agus aeriompróirí na hAirméine, na Cirgeastáine, na hIaráice, na Pacastáine, Shuranam, agus na Tansáine. Chuir an Coimisiún Coiste Aersháblháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi chúrsaí sábháilteachta eitlíochta sa Chéinia, sa Chongó Brazzaville, san Éigipt, i Libia, i Mailí, sa Neipeal agus i Siarra Leon.

([1]) IO L 344, 27.12.2005, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2111/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/474/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/660 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh an liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2023, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/660/oj).

(6) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na measúnuithe teicniúla a rinneadh le haghaidh na meastóireachta tosaigh agus an fhaireacháin leanúnaigh ar údaruithe Oibreora Tríú Tír ('TCO'), arna n-eisiúint de bhun Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún ([4]).

(7) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi thorthaí na hanailíse ar chigireachtaí rampa a rinneadh faoin gclár um Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha ('SAFA'), i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([5]).

(8) Chomh maith leis sin, chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na tionscadail chúnaimh theicniúil a rinneadh i dtríú tíortha a ndearnadh toirmeasc ar n-oibriú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 difear dóibh. Thairis sin, sholáthair an Ghníomhaireacht faisnéis faoi na pleananna agus na hiarrataí maidir le tuilleadh cúnamh teicniúil agus comhair chun feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin agus theicniúil na n-údarás eitlíochta sibhialta i dtríú tíortha d'fhonn cuidiú leo a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme don eitlíocht shibhialta. Iarradh ar na Ballstáit freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin ar bhonn déthaobhach i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a úsáidí atá sé faisnéis a sholáthar don chomhphobal eitlíochta idirnáisiúnta, go háirithe trí uirlis na Comhpháirtíochta um Chúnamh maidir le Sábháilteacht Eitlíochta a Chur Chun Feidhme, ar uirlis de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('ICAO') í, faoin gcúnamh teicniúil a sholáthraíonn an tAontas agus na Ballstáit do thríú tíortha chun feabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta ar fud an domhain.

(9) Thug Eurocontrol an t-eolas ba dhéanaí don Choimisiún agus do Choiste Aersháibháilteachta an Aontais maidir le stádas fheidhmeanna aláraim SAFA agus TCO, lena n-áirítear staitisticí faoi theachtaireachtaí foláirimh maidir le haeriompróirí a bhfuil toirmeasc orthu.

Aeriompróirí an Aontais

(10) Tar éis don Ghníomhaireacht anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a d'eascair as cigireachtaí rampa a rinneadh ar aerárthaí aeriompróirí de chuid an Aontais, maille le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí caighdeánaithe a rinne an Ghníomhaireacht, arna comhlánú le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí agus iniúchtaí sonracha a rinne údaráis náisiúnta eitlíochta, rinne na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht, ag feidhmiú dóibh mar údaráis inniúla, bearta áirithe ceartaitheacha agus forfheidhmithe agus chuir siad an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na bearta sin.

(11) D'athdhearbhaigh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht, ag feidhmiú dóibh mar údaráis inniúla, go bhfuil siad réidh le gníomhú de réir mar is gá i gcás ina léireoidh an fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán ábhartha sábháilteachta ag aeriompróirí de chuid an Aontais.

Aeriompróirí ón Airméin

(12) I mí an Mheithimh 2020, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún áiríodh aeriompróirí ón Airméin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ([6]).

(13) Le linn na chéad ráithe de 2024, thug ICAO cuairt de chuid an Chláir Uilíoch um Iniúchadh ar Mhaoirseacht Sábháilteachta ('USOAP') ar Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine ('CAC'), inar sainaithníodh easnamh tromchúiseach sábháilteachta i réimse an deimhniúcháin aeriompróra. Léiríodh san iniúchadh go raibh próiseas deimhniúcháin aeriompróirí na hAirméine bunaithe ar cheanglais atá as dáta agus nach raibh cur chuige struchtúrtha córasach ann maidir le Deimhnithe Aeroibreora ('AOC') a eisiúint.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeroibríochtaí oibreora tríú tír de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/452/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L 172, 3.6.2020, lch. 7).

(14) Ina theannta sin, léiríodh san iniúchadh dúshláin shuntasacha maidir le cumas na hAirméine maoirseacht éifeachtach ar shábháilteacht eitlíochta a áirithiú, agus laghdú suntasach ar a scór Cur Chun Feidhme Éifeachtach agus laigí criticiúla i réimsí amhail Réiteach Saincheisteanna Sábháilteachta agus Oibleagáidí Faireachais.

(15) Maidir leis na heasnaimh thromchúiseacha sábháilteachta i réimse an deimhniúcháin aeriompróra, seoladh tionscnamh tacaíochta tiomnaithe i mí Aibreáin 2024 arb é is aidhm dó an cás sin a réiteach go gasta. Faoi mhí Lúnasa 2024, bhí an cás réitithe, cé go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maoirseachta sábháilteachta eile a sainaithníodh le linn iniúchadh USOAP, saincheisteanna a bhfuil plean gníomhaíochta ceartaithí forbartha ag CAC ina leith.

(16) An 13 Samhain 2024, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin, tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus CAC rannpháirteach. Le linn an chruinnithe, scrúdaíodh na forbairtí ba dhéanaí agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le córas maoirseachta sábháilteachta CAC a neartú, lena n-áirítear nuashonruithe ar fheabhsuithe rialála agus oibríochtúla.

(17) D'fhéadfaí a thabhairt faoi deara go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Airméin maidir lena rialacháin sábháilteachta eitlíochta agus a cumais mhaoirseachta a thabhairt cothrom le dáta mar fhreagairt ar bharúlacha ó chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair a rinneadh in 2020. Áirítear leis an dul chun cinn sin pearsanra a fhostú agus oiliúint a chur orthu, athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin agus ar nósanna imeachta cur chun feidhme gaolmhara, gníomhaíochtaí formhaoirseachta a dhéanamh, agus bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh, amhail aerárthaí neamhsháibháilte a choinneáil ar an talamh agus comhlíonadh aeriompróra a neartú.

(18) D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, thángthas ar an gconclúid i gcruinniú teicniúil an 13 Samhain 2024 nach bhfuil dóthain fianaise ann fós chun údar a thabhairt leis na srianta oibríochtúla ar aeriompróirí atá deimhnithe san Airméin a mhaolú, srianta arna bhforchur le Rialachán (AE) Uimh. 2020/736 ón gCoimisiún. Tá gá le tuilleadh measúnuithe ar an bhfianaise a thacaíonn leis na bearta d'achtaigh CAC chun na chéad chéimeanna iomchuí eile atá le glacadh a chinneadh, lena n-áirítear cuairt mheasúnaithe nua de chuid an Aontais ar an láthair ar an Airméin in 2025.

(19) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe san Airméin.

(20) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Airméin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón Iaráic

(21) I mí na Nollag 2015, áiríodh an t-aeriompróir *Iraqi Airways* in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2322 ón gCoimisiún ([7]), agus i mí na Samhna 2023 áiríodh an t-aeriompróir *Fly Baghdad* in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2023/2691 ón gCoimisiún ([8]).

(22) An 22 Deireadh Fómhair 2024, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin maidir leis an staid sábháilteachta fhoriomlán san Iaráic, lena n-áirítear acmhainneacht agus cumais maoirseachta sábháilteachta Údarás Eitlíochta Sibhialta na hIaráice ('ICAA'), tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus ICAA rannpháirteach. Le linn an chruinnithe, chuir ICAA nuashonruithe i láthair maidir lena iarrachtaí feabhas a chur ar a chreat reachtach agus rialála, chomh maith lena fheidhmíocht formhaoirseachta.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2322 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 328, 12.12.2015, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2322/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2691 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2691/oj).

(23) Le linn an chruinnithe, thug ICAA dá aire gur fhostaigh sé foireann comhairliúcháin i mí Iúil 2024 chun tacú lena fhorbairt rialála agus chun a acmhainneachtaí maoirseachta a neartú. Tuairiscíodh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme moltaí ó thionscadail cúnaimh theicniúil a rinne an Ghníomhaireacht in 2017 agus 2023, go háirithe maidir le hoibríochtaí eitilte agus nósanna imeachta um cheadúnú pearsanra a ailíniú le Rialacháin (AE) Uimh. 965/2012 ([9]) agus Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún ([10]).

(24) Chuir ICAA an Coimisiún ar an eolas faoi na leasuithe a rinneadh ar Dhlí Eitlíochta Sibhialta na hIaráice, atá ag céimeanna deiridh an fhormheasa faoi láthair. Ina theannta sin, tá dul chun cinn déanta ag ICAA maidir le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainní trí cheathrar cigirí oibríochtaí eitilte agus cigire sábháilteachta cábáin amháin a earcú, agus iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun beirt chigirí aeracmhainneachta bhreise a fhostú. Thairis sin, chuir sé tús le forbairt Chlár Sábháilteachta Stáit na hIaráice ('SSP') agus tá na nósanna imeachta maidir le ceapadh rialacha agus oiliúint cigirí á dtabhairt cothrom le dáta aige i réimsí amhail earraí contúirteacha agus bainistiú riosca tuirse. Mar sin féin, tá cur chun feidhme na nuashonruithe sin fós neamhiomlán.

(25) Cé go n-aithníonn ICAA na hiarrachtaí sin, tá dúshláin fós le sárú aige, lena n-áirítear ganntanais chriticiúla i bpearsanra cáilithe le haghaidh cigireacht héileacaptair agus aeracmhainneachta. Chun aghaidh a thabhairt air sin, chuir ICAA tús le clár oiliúna 5 bliana do 14 innealtóir aerloingseoireachta daltaí nua-earcaithe, clár atá dírithe ar iad a cháiliú mar chigirí aeracmhainneachta agus spleáchas ar shaineolaithe idirnáisiúnta a laghdú.

(26) D'iarr an Coimisiún ar ICAA dáta a dheimhniú le haghaidh na cuairte measúnaithe ar an láthair de chuid an Aontais a cuireadh siar, cuairt a bhí beartaithe ar dtús don chéad ráithe de 2024 ach a athsceidealaíodh arna iarraidh sin do ICAA go dtí an ceathrú ráithe de 2024. Mar fhreagairt air sin, mhol ICAA an chuairt ar an dara nó an tríú ráithe de 2025 a athsceidealú arís, agus b'fhearr léi mí Mheán Fómhair 2025, ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar idir an dá linn.

(27) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc orthu oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí ón Iaráic.

(28) Ba cheart do na Ballstáit leanúint lena fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Iaráic trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí uile sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(29) Ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh de réir mar is gá, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, má léiríonn aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

Aeriompróirí ón gCirgeastáin

(30) I mí Dheireadh Fómhair 2006, le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún ([11]) áiríodh aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(31) An 16 Iúil 2024, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin, thionóil an Coimisiún cruinniú teicniúil le hionadaithe ó Ghníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta an Stáit faoi choimirce Chomh-Aireacht Airí Phoblacht na Cirgise ('SCAA').

(32) Le linn an chruinnithe sin, chuir SCAA nuashonrú ar fáil maidir lena hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh shábháilteachta a d'fhág gur áiríodh aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, chomh maith le bearta eile a rinneadh chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus cumas SCAA i leith maoirseacht aersháblháilteachta.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1, ELI: http:// http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1178/oj).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 910/2006 (IO L 283, 14.10.2006, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1543/oj).

(33) An tráth sin, chuir an Coimisiún i láthair SCAA torthaí an mheasúnaithe a rinneadh ar bhonn na faisnéise agus na doiciméadachta a sholáthair SCAA ag tús 2024. Chumhdaigh an measúnú sin réimsí mar chláir oiliúna, próisis mhaoirseachta, an córas tuairiscithe tarluithe, nósanna imeachta ceadúnaithe, agus éifeachtacht oibríochtúil fhoriomlán.

(34) Léirigh measúnú an Choimisiúin go raibh roinnt easnamh i gcláir oiliúna SCAA dá foireann. Maidir leis an gclár oiliúna do chigirí, cé go raibh na gnéithe ba ghá a bhain lena gcúraimí ann, bhí mionsonraí soiléire cur chun feidhme agus sceidealaithe in easnamh, go háirithe maidir leis na cúrsaí oiliúna sa láthair oibre is gá le haghaidh nuatheachtaithe a bheith san áireamh.

(35) Thug an Coimisiún dá aire gur chosúil nár leor an líon cigirí chun maoirseacht éifeachtach ar earnáil eitlíochta na Cirgeastáine a áirithiú. Leis an nganntanas foirne tacaíochta riaracháin, cuirtear brú breise ar na cigirí nach mór dóibh cúraimí breise riaracháin a dhéanamh, rud a chuireann teorainn lena gcumas díriú ar dheimhniúchán agus ar fhaireachas. I dtéarmaí maoinithe agus acmhainní, rinne SCAA tagairt do mhéaduithe a bhí beartaithe ar thuarastail agus ar acmhainní ach níor thug sé mionsonraí sonracha maidir le forálacha buiséadacha.

(36) Leagadh béim sa mheasúnú freisin ar easnaimh i gcóras tuairiscithe tarluithe SCAA, go háirithe a mhéid a bhaineann le bunachar sonraí cuimsitheach teagmhas agus timpistí a bheith in easnamh. Ina theannta sin, fuarthas amach go raibh sé doiléir agus neamhéifeachtach, gan aon chur chuige córasach chun sonraí teagmhais agus tionóisce a bhailiú agus a anailísiú.

(37) Shainaithin an Coimisiún roinnt bearnaí i ngníomhaíochtaí maoirseachta SCAA. Níor cuireadh i gcrích maoirseacht ar roinnt aeriompróirí agus eagraíochtaí cothabhála nó ní dhearnadh í ar chor ar bith. Ba dhoiléir na doiciméid mhaoirseachta a cuireadh ar fáil agus ní raibh na mionsonraí nós imeachta is gá iontu chun meastóireacht éifeachtach a dhéanamh. Ina theannta sin, níor bunaíodh aon chóras comhlíontachta ná aonad iniúchóireachta inmheánaí, in ainneoin gur maíodh go rabhthas ag ullmhú le haghaidh dheimhniú ISO 9001. Bhí sin ina chúis le tuilleadh ábhar imní maidir le cumas SCAA a áirithiú go gcloítear go comhsheasmhach le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta.

(38) An 24 Deireadh Fómhair 2024, arna iarraidh sin do SCAA, tionóladh an dara cruinniú sa Bhruiséil inar aithin SCAA na dúshláin atá roimhe. Mar fhreagairt ar na dúshláin sin, chuir SCAA plean claochlaithe straitéiseach i láthair arb é is aidhm dó caighdeáin eitlíochta na Cirgise a ailíniú le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Faoi cheannaireacht reatha SCAA, thionscain SCAA roinnt feabhsuithe eagraíochtúla, amhail a chreat inmheánach a athstruchtúrú, samhail airgeadais nua a thabhairt isteach, agus anailís ar bhearnaí atá ailínithe le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta a chur i gcrích. Léiríonn na hiarrachtaí sin tiomantas SCAA aghaidh a thabhairt ar easnaimh i maoirseacht sábháilteachta agus a chomhar leis an gCoimisiún a neartú.

(39) Agus an Coimisiún ag aithint go mbaineann tábhacht le dul chun cinn marthanach agus intomhaiste maidir le feabhas a chur ar chumais formhaoirseachta sábháilteachta arna léiriú ag SCAA, cuireann an Coimisiún i dtábhacht gur gá do SCAA leanúint d'fhianaise shoiléir a sholáthar maidir le feabhas suntasach sula ndéanfar breithniú ar chuairt mheasúnaithe de chuid an Aontais ar an láthair ar an gCirgeastáin amach anseo. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, cuirfidh an Coimisiún, tríd an nGníomhaireacht, tionscadal tiomnaithe um chúnamh teicniúil chun feidhme in 2025. Díreoidh an tionscnamh seo ar mheastóireacht a dhéanamh ar threochlár SCAA, ar oiliúint spriocdhírithe a sholáthar, agus ar nósanna imeachta maoirseachta inmheánacha a fheabhsú, agus é mar chuspóir deiridh leis comhlíontacht le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta a bhaint amach, agus baint na Cirgeastáine ó Liosta Aersábháilteachta an Aontais a éascú.

(40) Mar sin féin, níl dóthain fianaise réasúnaithe ann faoi láthair chun a dheimhniú gur réitigh SCAA go héifeachtach na heasnaimh shábháilteachta go léir as ar eascair an toirmeasc ar oibriú a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún.

(41) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin.

(42) Ba cheart do na Ballstáit leanúint lena fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón bPacastáin

(43) I mí an Mhárta 2007, le Rialachán (CE) Uimh. 235/2007 ón gCoimisiún ([12]), áiríodh *Pakistan International Airlines* (‘*PIA*’) in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 agus baineadh é ón Iarscríbhinn sin ina dhiaidh i mí na Samhna 2007 le Rialachán (CE) Uimh. 1400/2007 ón gCoimisiún ([13]).

(44) Mar obair leantach ar phlé Choiste Aershábháilteachta an Aontais i mí na Bealtaine 2024, thionóil saineolaithe ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ó na Ballstáit cruinniú teicniúil an 18 agus an 19 Meán Fómhair 2024. Le linn an chéad lae, rinneadh measúnú ar an bplean gníomhaíochta ceartaithí a chuir Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine (‘PCAA’) isteach, agus a d’athbhreithnigh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht ina dhiaidh sin. Sholáthair Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine soiléiriú, agus doiciméadacht chun bunús a thabhairt mar a iarradh. Ar an dara lá, rinneadh sraith spotseiceálacha sna réimsí seo a leanas: Oibríochtaí Eitilte, Ceadúnú Pearsanra, Aeracmhainneacht, Córas Bainistíochta Cáilíochta (‘CBC’) agus Córas Bainistíochta Sábháilteachta (‘CBS’). Is cianseiceálacha neamhphleanáilte a bhí sna seiceálacha sin, agus é mar chuspóir acu tuilleadh faisnéise a fháil faoi chumas an údaráis maoirseacht éifeachtach a dhéanamh, tar éis chuairt an Aontais i mí na Samhna 2023.

(45) In 2020, chuir an Ghníomhaireacht na húdaruithe TCO a bhí ag *PIA* agus *Vision Air* ar fionraí. Mairfidh an fhionraí go dtí go mbeidh fianaise infhíoraithe ag an nGníomhaireacht gur féidir le PCAA formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar a chuid aeriompróirí, gur ceartaíodh easnaimh fhormhaoirseachta, agus gur thug aeriompróirí aghaidh mar is ceart ar na torthaí uile. Chuideodh an fhaisnéis a gheofaí feasta leis an nGníomhaireacht i agus cinneadh á bhreithniú acu maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis na fionraí TCO atá ar *PIA* agus *Vision Air*, chomh maith le húdarú TCO a dheonú do *Airblue Limited*.

(46) Thángthas ar an gconclúid ag an gcruinniú teicniúil gur tugadh aghaidh ar ghnéithe uile an phlean gníomhaíochta ceartaithí agus nár tugadh faoi deara aon easnaimh thromchúiseacha. Tá obair le déanamh fós, ach is cosúil gur láidir agus comhleanúnach iad na céimeanna go léir a glacadh.

(47) Fuarthas amach i gconclúidí an chruinnithe theicniúil go bhfuil PCAA ag aistriú ó chur chuige frithghníomhach maoirseachta sábháilteachta i dtreo cur chuige réamhghníomhach maoirseachta sábháilteachta. I ndáil leis sin, réitigh Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine an easpa cigireachta ar an bhfoireann i réimse na gCaighdeán Eitilte, rud a bhí ina shaincheist chriticiúil tráth chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair. Ionas nach dtarlódh a leithéid arís, rinneadh roinnt beart, lena n-áirítear cuíchóiriú níos fearr ar ghníomhaíochtaí, próifílí poist atá oiriúnach do chúraimí, úsáid uirlisí chun acmhainní a ríomh i leith riachtanais atá ag teacht chun cinn, buiséad leordhóthanach a dhaingniú le haghaidh earcaíochta agus oiliúna, beartas coinneála foirne agus bearta chun coinbhleacht leasa idir cigirí agus na heagraíochtaí atá faoina maoirseacht a sheachaint.

(48) Aithníodh i gconclúidí an chruinnithe theicniúil go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh shábháilteachta is tromchúisí. D’fhéadfaí feabhas a chur fós ar ghnéithe amhail sainaithint na dtorthaí, agus catagóiriú agus bainistiú ceart na dtorthaí. Meastar go dtiocfaidh feabhas ar chigireachtaí rampa freisin, ós rud é nár cuireadh oiliúint na gcigirí rampa i gcrích ach le déanaí. A mhéid a bhaineann le hoiliúint cigirí, tá oiliúint iomlán ar fhoireann reatha na gcigirí i gCaighdeáin Eitilte, ach tá taithí de dhíth orthu fós. Tá gá le hobair leantach a dhéanamh ar na gnéithe sin go léir sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Chomhaontaigh PCAA an Coimisiún a chur ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn atá déanta ina leith sin.

(49) Rinneadh athbhreithniú ar na cigireachtaí AOC is déanaí ar *Airblue Limited* agus *PIA*. Níor sainaithníodh aon lochtanna móra.

(50) Tá gá le feabhsú i réimse an CBC. Cé gur fo-optamach fós an rialú ar dhoiciméadacht, tugadh faoi deara go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach. Áirítear leis sin comhsheasmhacht na dtorthaí agus a mbainistíocht a áirithiú go cothrom ar fud na réimsí uile, chomh maith le bogearraí aonair a chur chun feidhme chun torthaí a bhainistiú i ngach réimse.

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 235/2007 ón gCoimisiún an 5 Márta 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 66, 6.3.2007, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/235/oj).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1400/2007 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 311, 29.11.2007, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1400/oj).

(51) Tá forbairt SSP sna céimeanna luatha. Tá Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine tiomanta é a chur chun feidhme a luaithe is féidir, is é sin an tuairisciú tarluithe agus an t-aicmiú riosca.

(52) Ar an iomlán, níor aimsíodh aon saincheisteanna sábháilteachta suntasacha. Tar éis an chruinnithe theicniúil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine, mar is léir ón bhfaisnéis a bailíodh le linn an chruinnithe theicniúil sin.

(53) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe sa Phacastáin.

(54) Ba cheart do na Ballstáit leanúint lena fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Phacastáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(55) Ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh de réir mar is gá, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, má léiríonn aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

Aeriompróirí ó Shuranam

(56) I mí Iúil 2010, tar éis liostú tosaigh i mí an Mheithimh 2006 agus aistriú ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2007, rinneadh *Blue Wing Airlines* a liostú arís in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán (AE) 590/2010 ón gCoimisiún ([14]) mar gheall ar fhianaise fhíoraithe ar easnaimh thromchúiseacha lena mbaineann an t-aeriompróir, mar a sainaithníodh le heasnaimh a tuairiscíodh i gcigireachtaí rampa a rinne na Ballstáit, chomh maith le dhá thionóisc mharfacha.

(57) An 26 Meitheamh 2023, d'eagraigh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht cianchruinniú teicniúil le hÚdarás Sábháilteachta Eitlíochta Sibhialta Shuranam ('CASAS'). Tionóladh an cruinniú sin ar bhonn roinnt malartuithe le CASAS, chomh maith le *Blue Wing Airlines*, sa tréimhse ó mhí na Samhna 2018 go dtí mí na Bealtaine 2022, chun comhairliúcháin fhoirmiúla a athsheoladh le CASAS i bhfianaise an ama a chuaigh thart ón teagmháil tosaigh i mí na Bealtaine 2019. I ndáil leis sin, an 11 Meán Fómhair 2023, d'iarr an Coimisiún tacar cuimsitheach faisnéise agus doiciméadachta ar CASAS chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht agus cumas maoirseachta sábháilteachta CASAS maidir leis na hocht n-aeriompróirí atá deimhnithe i Suranam, a bhfuil údarú TCO ag ceann acu, *Surinam Airways*, ó bhí mí Iúil 2016 ann.

(58) Léiríodh i dtorthaí an mheasúnaithe ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht a sholáthair CASAS easnaimh thromchúiseacha sábháilteachta, rud a léirítear le stádas neamhiomlán na mbunchlár maoirseachta, amhras faoi oiliúint agus cáilíocht na foirne cigireachta, torthaí tromchúiseacha atriallacha, agus drochbhainistiú torthaí.

(59) An 23 Deireadh Fómhair 2024, tionóladh cruinniú teicniúil idir saineolaithe ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht, ó na Ballstáit agus ó CASAS. Ar an ócáid sin, deimhníodh na heasnaimh a sainaithníodh le linn an mheasúnaithe ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht a fuarthas, i dtéarmaí cineáil agus uimhreacha araon.

(60) Is é sin, tá imní fós ann maidir le cumas CASAS formhaoirseacht éifeachtach ar na haeriompróirí atá faoina fhaireachas a áirithiú. Is fianaise ar an méid sin staid Stiúrthóireachtaí na nOibríochtaí Eitilte agus an Cheadúnúcháin Pearsanra, ar cosúil nach bhfuil dóthain foirne acu, agus na cláir mhaoirseachta nach bhfuil á gcur ar fáil mar a bhí beartaithe. Is ábhar imní freisin oiliúint agus cáilíocht na gcigirí. Is ábhar imní é formheas agus síneadh AOCanna, toisc nach ann do go leor de na nósanna imeachta riachtanacha, agus tá na cinn a chuirtear i láthair an-bhunúsach agus níl siad oiriúnach don fheidhm. Léiríonn sé sin gur ar bhonn *ad hoc* den chuid is mó a dhéantar gníomhaíochtaí formhaoirseachta CASAS. Tugadh faoi deara freisin go raibh na torthaí tromchúiseacha céanna ag teacht chun cinn arís agus arís eile i dtuarascálacha iniúchóireachta i mblianta éagsúla. Thairis sin, fuarthas amach nach bhfuil formhór nósanna imeachta an údaráis i gcomhréir leis na nuashonruithe is déanaí ar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta.

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 590/2010 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 170, 6.7.2010, lgh. 9–30).

(61) I bhfianaise gur chosúil nach raibh aon dul chun cinn déanta ag CASAS maidir le leibhéal iomchuí acmhainneachta agus cumais formhaoirseachta sábháilteachta a áirithiú, chuir an Coimisiún in iúl do Choiste Aershábháilteachta an Aontais go bhfuil sé ar intinn aige cuairt mheasúnaithe de chuid an Aontais ar an láthair a eagrú i Suranam sa chéad ráithe de 2025.

(62) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe i Suranam.

(63) Ba cheart do na Ballstáit leanúint lena fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe i Suranam trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(64) Ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh de réir mar is gá, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, má léiríonn aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

Aeriompróirí ón Tansáin

(65) Níor áiríodh aeriompróirí atá deimhnithe sa Tansáin in Iarscríbhinní A ná B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 riamh.

(66) Rinne *Air Tanzania Company Limited* (*'Air Tanzania'*) iarratas ar údarú TCO an 23 Lúnasa 2023. Rinne an Ghníomhaireacht measúnú ar iarratas TCO *Air Tanzania* i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún.

(67) Agus measúnú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht, chuir an Ghníomhaireacht in iúl go raibh imní uirthi maidir leis an easpa cumais atá ag *Air Tanzania* freagairt d'easnaimh sábháilteachta a sainaithníodh. Go háirithe, chinn sé gur theip ar *Air Tanzania* smacht a choinneáil ar a clár oiliúna eitilte, go háirithe maidir lena áirithiú go n-áireofaí gach cineál éigeandála agus nósanna imeachta neamhghnácha in oiliúint athfhillteach na foirne eitilte, amhail mífheidhmeanna innill, aerfhráma nó córais, tinte, agus cásanna criticiúla eile. I bhfianaise líon suntasach na n-easnamh tromchúiseach a sainaithníodh le linn a measúnaithe, chinn an Ghníomhaireacht go léiríonn an staid sin laige chórasach laistigh den aeriompróir a chuireann an tsábháilteacht i mbaol agus atá ina guais thromchúiseach d'oibríochtaí eitilte. Thairis sin, mar thoradh air sin theip ar *Air Tanzania* a léiriú gur chomhlíon sé na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

(68) Léiríodh a thuilleadh neamhábaltacht *Air Tanzania* aghaidh a thabhairt ar easnaimh sábháilteachta den sórt sin nuair a chuir *Air Tanzania* plean gníomhaíochta ceartaithí do-ghlactha isteach chun na saincheisteanna sainaitheanta a réiteach. Mar thoradh air sin, theip ar *Air Tanzania* a léiriú gur chomhlíon sé na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme. Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach n-eiseofaí údarú do *Air Tanzania* mar thoradh ar mheasúnú breise, toisc nár chomhlíon an t-aeriompróir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, an 12 Aibreán 2024, dhiúltaigh an Ghníomhaireacht d'iarratas TCO *Air Tanzania* ar an bhforas nár chomhlíon sé na ceanglais sábháilteachta.

(69) An 2 Bealtaine 2024, faoi chuimsiú Rialachán (AE) Uimh. 2111/2005 agus Rialachán (AE) 2023/660, d'iarr an Coimisiún tacar cuimsitheach faisnéise agus doiciméadachta ar Údarás Eitlíochta Sibhialta na Tansáine ('TCAA'). Rinneadh an iarraidh sin chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht agus cumas formhaoirseachta sábháilteachta TCAA ar aeriompróirí atá deimhnithe sa Tansáin.

(70) Cumhdaítear leis an bhfaisnéis a iarradh príomhghnéithe de struchtúr eagrúcháin TCAA, cáilíochtaí foirne, cláir oiliúna, agus próisis formhaoirseachta, lena n-áirítear easnaimh sábháilteachta, gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus córais tuairiscithe tarluithe a bhainistiú. Ina theannta sin, lorgaítear san iarraidh sonraí maidir le tionóiscí agus teagmhais, na próisis deimhniúcháin agus cheadúnúcháin do shealbhóirí AOC agus do phíolótaí, chomh maith le maoirseacht ar aeracmhainneacht leanúnach agus ar eagraíochtaí cothabhála aerárthaí.

(71) Chuir TCAA an fhaisnéis agus an doiciméadacht a iarradh ar fáil an 7 Meitheamh 2024 agus léiríodh easnaimh shuntasacha i leithdháileadh na foirne agus san éifeachtacht formhaoirseachta, go háirithe easpa soiléireachta maidir leis an gcaoi a ndáiltear cigirí ar fud príomhfheidhmeanna, rud a léiríonn imní faoi leordhóthanacht acmhainní chun formhaoirseacht a dhéanamh go héifeachtach ar aeracmhainneacht, oibríochtaí eitilte agus ceadúnú pearsanra.

(72) Thairis sin, fuarthas nach raibh na próisis oiliúna agus cháilíochta do chigirí leordhóthanach, agus nach raibh treoirlínte soiléire ann maidir le sainoiliúint, meastóireachtaí feidhmíochta struchtúrtha, agus oiliúint thréimhsiúil. D'fhéadfadh na heasnaimh sin cur isteach ar chumas phearsanra TCAA formhaoirseacht sábháilteachta éifeachtach a dhéanamh. Thairis sin, bhí nósanna imeachta formhaoirseachta TCAA neamhiomlán nó go hiomlán in easnamh i roinnt réimsí criticiúla, amhail na lámhleabhair formhaoirseachta le haghaidh príomhréimse amhail Ceadúnú Pearsanra.

(73) Léiríodh i dtaifid ar ghníomhaíochtaí deimhniúcháin agus formhaoirseachta TCAA go raibh roinnt easnamh ann, lena n-áirítear úsáid neamhréireach foirmeacha le haghaidh formheasanna speisialta, faireachas neamhleor ar aeracmhainneacht leanúnach aeriompróirí, obair leantach neamhleor ar thorthaí sábháilteachta, gníomhaíochtaí ceartaitheacha gan réiteach thar thréimhsí fada, agus saincheisteanna sábháilteachta athfhillteacha nár thug aghaidh ar bhunchúiseanna.

(74) An 10 Deireadh Fómhair 2024, mar chuid dá ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh, thionóil an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, agus ionadaithe TCAA cruinniú teicniúil. Ar an ócáid sin, leag TCAA amach a ról mar rialtóir earnáil eitlíochta sibhialta na Tansáine, a oibríonn faoi Acht um Eitlíocht Shibhialta na Tansáine agus faoi Iarscríbhinní ICAO, agus é mar chuspóir dearbhaithe aige sábháilteacht a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha fós ann maidir le cur chun feidhme éifeachtach na rialachán sin, rud a chuireann cosc ar ailíniú iomlán le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta.

(75) Thairis sin, chuir TCAA a thionscnaimh leanúnacha i láthair chun a chóras formhaoirseachta sábháilteachta a neartú. Áirítear orthu sin pleananna faireachais feidhmíochtbhunaithe a fhorbairt, Córas Oiliúna Cigirí cuimsitheach a chur chun feidhme, agus rialacháin eitlíochta sibhialta a athbhreithniú chun ailíniú le caighdeáin ICAO atá ag teacht chun cinn. Tacaítear leis na hiarrachtaí sin le pleananna le haghaidh fothú acmhainneachta laistigh d'earnáil na heitlíochta agus le rannpháirtíocht mhéadaithe le páirtithe leasmhara tionscail chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas rialála a éascú. Cé go dtugtar aitheantas do na bearta sin, le heasnaimh leanúnacha amhail bearnaí in oiliúint cigirí, torthaí iniúchóireachta gan réiteach, agus doiciméadacht nós imeachta neamhleor, leagtar béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí breise chun sásraí maoirseachta a neartú.

(76) I litir dar dáta an 18 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Coimisiún *Air Tanzania* agus TCAA ar an eolas gur cuireadh cás *Air Tanzania* ar chlár oibre chruinniú Choiste Aershábháilteachta an Aontais a bhí le tionól idir an 19 agus an 21 Samhain 2024, agus go dtabharfaí an deis do *Air Tanzania* agus do TCAA araon éisteacht a fháil os comhair Choiste Aershábháilteachta an Aontais i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

(77) Thug Coiste Aershábháilteachta an Aontais éisteacht do *Air Tanzania* agus do TCAA an 20 Samhain 2024. I gur i láthair *Air Tanzania* le linn na héisteachta, tugadh eolas faoi iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí a eascraíonn as próiseas údaraithe TCO, lena n-áirítear anailís CBS ar bhearnaí, athbhreithnithe ar an Lámhleabhar Bainistíochta Sábháilteachta, in éineacht le nuashonruithe ar lámhleabhair oibríochtúla agus ar an Íosliosta Trealaimh. Ina theannta sin, d'fhorbair an aerlíne plean oiliúna athfhillteach 36 mhí chun aghaidh a thabhairt ar Oiliúint um Shuaitheadh a Chosc agus Téarnamh Uaidh, oibríochtaí geimhridh, agus láimhseáil earraí contúirteacha. Ina theannta sin, tugadh isteach leis nósanna imeachta maidir le rianú cáilíochta bealaí agus aeradróm agus rialuithe le haghaidh comhpháirteanna a bhfuil saolré chinnte acu agus comhpháirteanna a bhfuil saolré theoranta acu chun cleachtais oibríochtúla agus aeracmhainneachta a fheabhsú.

(78) Chuir comhaltaí Choiste Aershábháilteachta an Aontais in iúl gur cúis imní dóibh cur chuige *Air Tanzania* i leith bhainistiú foriomlán na dtorthaí, agus go háirithe na hanailísí ar an mbunchúis atá leis. Tugadh faoi deara nach ndearna go leor de na bunchúiseanna a chuir an t-aeriompróir in iúl ach na torthaí a athdhearbhú, gan anailís chuimsitheach a dhéanamh chun na heasnaimh shistéamacha nó nós imeachta fholuiteacha a shainaithint. Sampla de sin ba ea sainaithint *Air Tanzania* ar na sé thoradh déag ar Leibhéal 2 mar bhunchúis le toradh Leibhéal 1 a bhain le neamhchomhlíonadh cheanglais infheidhme Iarscríbhinn 1 (Cuid-TCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 452/2014. Léirigh sé sin go soiléir gur theip ar *Air Tanzania* aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna bunúsacha atá le neamhábaltacht an aeriompróra na ceanglais sin a chomhlíonadh. Ós rud é nach ndearnadh scrúdú níos doimhne, lagaítear éifeachtacht na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha atá beartaithe, ós rud é go dtugann siad aghaidh ar na comharthaí seachas ar na laigí sistéamacha foluiteacha a réiteach.

(79) Níor leor an fhaisnéis a chuir *Air Tanzania* ar fáil chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na heasnaimh sábháilteachta as ar tháinig cinneadh na Gníomhaireachta an t-údarú TCO a dhiúltú. Níor léirigh an Plean Gníomhaíochta Ceartaithí ('PGC') a chuir *Air Tanzania* ar fáil, go háirithe an anailís ar an mbunchúis a bhaineann leis, cumas an aeriompróra bearta iomchuí a chur chun feidhme chun comhlíonadh caighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta a áirithiú.

(80) Le linn na héisteachta, chuir TCAA a chreat rialála i láthair agus leag sé béim ar a thiomantas maoirseacht sábháilteachta a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Thuairiscigh TCAA a ghníomhaíochtaí láithreacha tar éis don Ghníomhaireacht diúltú d'údarú TCO *Air Tanzania*, lena n-áirítear iniúchadh speisialta inar sainaithníodh réimsí criticiúla le feabhsú, amhail CBS neamhéifeachtach, ganntanas foirne, agus neamhéifeachtúlachtaí eagraíochtúla.

(81) Thairis sin, chuir TCAA in iúl do Choiste Aershábháilteachta an Aontais, mar fhreagairt ar na torthaí a d'eisigh an Ghníomhaireacht, gur bunaíodh foireann thiomnaithe cigirí chun meastóireacht agus fíorú a dhéanamh ar an PGC athbhreithnithe a d'fhorbair *Air Tanzania*. De réir TCAA, réitigh na hiarrachtaí sin aon cheann déag as naoi gcinn déag de thorthaí, agus tá na torthaí atá fágtha ag céimeanna éagsúla cur chun feidhme. Ní raibh aon fhianaise ann a thug bunús leis na gníomhaíochtaí sonracha ar thug TCAA tuairisc orthu le linn na héisteachta, amhail cláir oiliúna athbhreithnithe a fhormheas, leasuithe ar lámhleabhair oibríochtúla, agus fíorú nuashonruithe criticiúla amhail oiliúint uasghrádaithe ceannasaithe, taifid maidir le taithí dhéanach na foirne, agus comhlíonadh treoracha aeracmhainneachta. Thairis sin, tháinig sé chun solais le linn na héisteachta nár chloígh TCAA go hiomlán ach oiread le prionsabail na hanailíse ar an mbunchúis, rud a chaith amhras ar leordhóthanacht agus éifeachtacht a measúnaithe ar an PGC a sholáthair *Air Tanzania*.

(82) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, meastar, dá bhrí sin, gur cheart liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas, a leasú chun go gcuirtear *Air Tanzania* isteach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(83) I bhfianaise na n-easnamh dealraitheach a sainaithníodh ó na malartuithe le TCAA, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht agus le tacaíocht ó na Ballstáit, cuairt mheasúnaithe de chuid an Aontais ar an láthair ar an Tansáin.

(84) Ba cheart do na Ballstáit leanúint lena fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Tansáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(85) D'fhéadfadh an Coimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh de réir mar is gá, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, má léiríonn aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

(86) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a leasú dá réir sin.

(87) Aithnítear le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 an gá le cinntí a dhéanamh go tapa agus, i gcás inarb iomchuí, go práinneach, i bhfianaise na n-impleachtaí sábháilteachta. Dá bharr sin, tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le faisnéis íogair agus na daoine a thaistealaíonn a chosaint, go mbeidh feidhm láithreach maidir le haon chinneadh tar éis a ghlactha i ndáil le liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc nó srian ar a n-oibriú laistigh den Aontas a thabhairt cothrom le dáta.

(88) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Aershábháilteachta an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn A;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN A

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ A BHFUIL TOIRMEASC AR A nOIBRIÚ LAISTIGH DEN AONTAS, MAILLE LE hEISCEACHTAÍ [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AIR TANZANIA	TCAA/AOC/001	ATC	an Tansáin
AIR ZIMBABWE (PVT)	177/04	AZW	an tSiombáib
AVIOR AIRLINES	ROI-RNR-011	ROI	Veiniséala
BLUE WING AIRLINES	SRBWA-01/2002	BWI	Suranam
IRAN ASEMAN AIRLINES	FS-102	IRC (muirear incriminteach priacail)	an Iaráin
FLY BAGHDAD	007	FBA	an Iaráic
IRAQI AIRWAYS	001	IAW	an Iaráic
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Afganastáin, lena n-áirítear			**an Afganastáin**
ARIANA AFGHAN AIRLINES	AOC 009	AFG	an Afganastáin
KAM AIR	AOC 001	KMF	an Afganastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Angóla, cé is moite de TAAG Angola Airlines agus Heli Malongo, lena n-áirítear			**Angóla**
AEROJET	AO-008/11-07/17 TEJ	TEJ	Angóla
GUICANGO	AO-009/11-06/17 TEJ	Ní fios	Angóla
AIR JET	AO-006/11-08/18 TEJ	MBC	Angóla
BESTFLYA AIRCRAFT MANAGEMENT	AO-015/15-06/17YYY	Ní fios	Angóla
HELIANG	AO 007/11-08/18 YYY	Ní fios	Angóla
SJL	AO-014/13-08/18YYY	Ní fios	Angóla
SONAIR	AO-002/11-08/17 TEJ	SOR	Angóla
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Airméin, lena n-áirítear			**an Airméin**
AIR DILIJANS	AM AOC 065	NGT	an Airméin

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear san Iarscríbhinn seo cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
ARMENIAN AIRLINES	AM AOC 076	AAG	an Airméin
ARMENIA AIRWAYS	AM AOC 063	AMW	an Airméin
ARMENIAN HELICOPTERS	AM AOC 067	KAV	an Airméin
FLY ARNA	AM AOC 075	ACY	an Airméin
FLYONE ARMENIA	AM AOC 074	FIE	an Airméin
NOVAIR	AM AOC 071	NAI	an Airméin
SHIRAK AVIA	AM AOC 072	SHS	an Airméin
SKYBALL	AM AOC 073	Neamhbhaint-each	an Airméin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCongó (Brazzaville), lena n-áirítear			**an Congó (Brazzaville)**
CANADIAN AIRWAYS CONGO	CG-CTA 006	TWC	an Congó (Brazzaville)
EQUAFLIGHT SERVICES	CG-CTA 002	EKA	an Congó (Brazzaville)
EQUAJET	RAC06-007	EKJ	an Congó (Brazzaville)
TRANS AIR CONGO	CG-CTA 001	STR	an Congó (Brazzaville)
SOCIETE NOUVELLE AIR CONGO	CG-CTA 004	Ní fios	an Congó (Brazzaville)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), lena n-áirítear			**Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)**
AB BUSINESS	AAC/DG/OPS-09/14	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR FAST CONGO	AAC/DG/OPS-09/03	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KASAI	AAC/DG/OPS-09/11	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KATANGA	AAC/DG/OPS-09/08	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
BUSY BEE CONGO	AAC/DG/OPS-09/04	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
COMPAGNIE AFRICAINE D'AVIATION (CAA)	AAC/DG/OPS-09/02	Dréachtphlean Buiséadach	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
CONGO AIRWAYS	AAC/DG/OPS-09/01	COG	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
GOMA EXPRESS	AAC/DG/OPS-09/13	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
KIN AVIA	AAC/DG/OPS-09/10	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MALU AVIATION	AAC/DG/OPS-09/05	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SERVE AIR CARGO	AAC/DG/OPS-09/07	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SWALA AVIATION	AAC/DG/OPS-09/06	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
TRACEP CONGO AVIATION	AAC/DG/OPS-09/15	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Djibouti, lena n-áirítear			**Djibouti**
DAALLO AIRLINES	Ní fios	DAO	Djibouti
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an nGuine Mheánchiorclach, lena n-áirítear			**an Ghuine Mheánchiorclach**
CEIBA INTERCONTINENTAL	2011/0001/MTTCT/DGAC/SOPS	CEL	an Ghuine Mheánchiorclach
CRONOS AIRLINES	2011/0004/MTTCT/DGAC/SOPS	Ní fios	an Ghuine Mheánchiorclach
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Eiritré, lena n-áirítear			**an Eiritré**
ERITREAN AIRLINES	AOC 004	ERT	an Eiritré
NASAIR ERITREA	AOC 005	NAS	an Eiritré
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCirgeastáin, lena n-áirítear			**an Chirgeastáin**
AERO NOMAD AIRLINES	57	ANK	an Chirgeastáin

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AEROSTAN	08	BSC	an Chirgeastáin
AIR COMPANY AIR KG	50	KGC	an Chirgeastáin
AIRCOMPANY MOALEM AVIATION	56	AMA	an Chirgeastáin
AVIA TRAFFIC COMPANY	23	AVJ	an Chirgeastáin
CENTRAL ASIAN AVIATION SERVICES	58	KAS	an Chirgeastáin
FLYSKY AIRLINES	53	FSQ	an Chirgeastáin
GLOBAL 8 AIRLINES	59	Ní fios	an Chirgeastáin
HELI SKY	47	HAC	an Chirgeastáin
KAP.KG AIRCOMPANY	52	KGS	an Chirgeastáin
MAC.KG AIRLINES	61	LAMNIDAE	an Chirgeastáin
SAPSAN AIRLINE	54	KGB	an Chirgeastáin
SKY JET	60	SJL	an Chirgeastáin
SKY KG AIRLINES	41	KGK	an Chirgeastáin
TRANS CARAVAN KG	55	TCK	an Chirgeastáin
TEZ JET	46	TEZ	an Chirgeastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libéir.			**an Libéir**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libia, lena n-áirítear			**an Libia**
AFRIQIYAH AIRWAYS	007/01	AAW	an Libia
AIR LIBYA	004/01	TLR	an Libia
AL MAHA AVIATION	030/18	Ní fios	an Libia
BERNIQ AIRWAYS	032/21	BNL	an Libia
BURAQ AIR	002/01	BRQ	an Libia
GLOBAL AIR TRANSPORT	008/05	GAK	an Libia
HALA AIRLINES	033/21	TÁIRGÍ TOBAC TÉITE	an Libia
LIBYAN AIRLINES	001/01	LAA	an Libia
LIBYAN WINGS AIRLINES	029/15	LWA	an Libia
PETRO AIR	025/08	PEO	an Libia

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Neipeal, lena n-áirítear			**Neipeal**
AIR DYNASTY HELI. S.	035/2001	Ní fios	Neipeal
ALTITUDE AIR	085/2016	Ní fios	Neipeal
BUDDHA AIR	014/1996	BHA	Neipeal
FISHTAIL AIR	017/2001	Ní fios	Neipeal
SUMMIT AIR	064/2010	Ní fios	Neipeal
HELI EVEREST	086/2016	Ní fios	Neipeal
HIMALAYA AIRLINES	084/2015	HIM	Neipeal
KAILASH HELICOPTER SERVICES	087/2018	Ní fios	Neipeal
MAKALU AIR	057A/2009	Ní fios	Neipeal
MANANG AIR PVT	082/2014	Ní fios	Neipeal
MOUNTAIN HELICOPTERS	055/2009	Ní fios	Neipeal
PRABHU HELICOPTERS	081/2013	Ní fios	Neipeal
NEAPAL AIRLINES CORPORATION	003/2000	RNA	Neipeal
SAURYA AIRLINES	083/2014	Ní fios	Neipeal
SHREE AIRLINES	030/2002	SHA	Neipeal
SIMRIK AIR	034/2000	Ní fios	Neipeal
SIMRIK AIRLINES	052/2009	RMK	Neipeal
SITA AIR	033/2000	Ní fios	Neipeal
TARA AIR	053/2009	Ní fios	Neipeal
YETI AIRLINES	037/2004	NYT	Neipeal
Na haeriompróirí seo a leanas atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Rúis			**an Rúis**
AURORA AIRLINES	486	SHU	an Rúis
AVIACOMPANY 'AVIASTAR-TU' CO. LTD	458	TUP	an Rúis
IZHAVIA	479	IZA	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'AIR COMPANY "YAKUTIA"'	464	SYL	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'RUSJET'	498	RSJ	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'UVT AERO'	567	UVT	an Rúis

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
CUIDEACHTA COMHSTOIC SIBERIA AIRLINES	31	SBI	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC SMARTAVIA AIRLINES	466	AUL	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'IRAERO' AIRLINES	480	IAE	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'URAL AIRLINES'	18	SVR	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC ALROSA AIR COMPANY	230	DRU	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC NORDSTAR AIRLINES	452	TYA	an Rúis
JS AVIATION COMPANY 'RUSLINE'	225	RLU	an Rúis
JSC YAMAL AIRLINES	142	LLM	an Rúis
LLC 'NORD WIND'	516	NWS	an Rúis
LLC 'AIRCOMPANY IKAR'	36	KAR	an Rúis
LTD. I FLY	533	RSY	an Rúis
POBEDA AIRLINES CUIDEACHTA THEOREANTA	562	PBD	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC PHOIBLÍ 'AEROFLOT – RUSSIAN AIRLINES'	1	AFL	an Rúis
ROSSIYA AIRLINES, CUIDEACHTA COMHSTOIC	2	SDM	an Rúis
SKOL AIRLINE LLC	228	CDV	an Rúis
UTAIR AVIATION, CUIDEACHTA COMHSTOIC	6	UTA	an Rúis
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar São Tomé agus Príncipe, lena n-áirítear			**São Tomé agus Príncipe**
STP AIRWAYS	03/AOC/2006	STP	São Tomé agus Príncipe
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Shiarra Leon			**Siarra Leon**

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an tSúdáin, lena n-áirítear			**an tSúdáin**
ALFA AIRLINES SD	54	AAJ	an tSúdáin
BADR AIRLINES	35	BDR	an tSúdáin
BLUE BIRD AVIATION	11	BLB	an tSúdáin
ELDINDER AVIATION	8	DND	an tSúdáin
GREEN FLAG AVIATION	17	GNF	an tSúdáin
HELEJETIC AIR	57	HJT	an tSúdáin
KATA AIR TRANSPORT	9	KTV	an tSúdáin
KUSH AVIATION CO.	60	KUH	an tSúdáin
NOVA AIRWAYS	46	NOV	an tSúdáin
SUDAN AIRWAYS CO.	1	SUD	an tSúdáin
SUN AIR	51	SNR	an tSúdáin
TARCO AIR	56	TRQ	an tSúdáin’

IARSCRÍBHINN II

'Iarscríbhinn B

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ ATÁ FAOI RÉIR SRIANTA OIBRÍOCHTÚLA LAISTIGH DEN AONTAS [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC)	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora	Cineál aerárthaigh a bhfuil srian air	Cláruimhir nó cláruimhreacha agus, má tá a leithéid ann, sraithuimhir nó sraithuimhreacha déantúis aerárthaí a bhfuil srian orthu	Stát an chláraithe
IRAN AIR	IR.AOC.100	IRA	an Iaráin	Gach aerárthach den chineál Fokker F100 agus den chineál Boeing B747	Aerárthaí de chineál Fokker F100 mar a luaitear ar an AOC; Aerárthaí de chineál Boeing B747 mar a luaitear ar an AOC	an Iaráin
AIR KORYO	GAC-AOC/KOR-01	KOR	an Chóiré Thuaidh	An flít ar fad, cé is moite de: 2 aerárthach den chineál TU- 204.	An flít ar fad, cé is moite de: P-632, P-633.	an Chóiré Thuaidh'

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear san Iarscríbhinn seo cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.